Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7119/23**

**COH 26**
**FIN 289**
**RELEX 314**
**ELARG 19**
**POLGEN 26**
**DEVGEN 51**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Márta 2023 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6564/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú<br>– Conclúidí ón gComhairle (7.03.2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht AE don chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú', a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, an Óige, Cultúr agus Spórt) ag an 3935ú cruinniú a bhí aici an 7 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
**Tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Coimisiún' feasta) agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) ar an Tuarascáil;

(2) ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur príomhghné de bheartas comharsanachta na hEorpa é an comhar trasteorann, lena dtacaítear le tíortha comharsanacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh agus ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhar sin chun an dea-chaidreamh comharsanachta a fheabhsú, agus ag an am céanna tugann sí dá haire saintréithe, sainiúlachtaí geografacha agus leibhéil éagsúla forbartha polaitiúla agus institiúidí na dtíortha comharsanacha;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú san iniúchadh a rinne an Chúirt ar cé acu a bhí nó nach raibh tacaíocht an Aontais i gcláir um chomhar trasteorann 2014-2020, arna maoiniú tríd an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IEC), éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhar críochach thar theorainneacha seachtracha an Aontais. As 15 chlár, rinne an Chúirt measúnú ar na 3 chlár is mó i réigiúin an tuaiscirt, an oirthir agus an deiscirt, agus dhírigh sí ar na ceisteanna seo a leanas:

- Ar spriocdhíríodh na cláir ar riachtanais agus ar thosaíochtaí a sainaithníodh go soiléir agus a bhí i gcoiteann ag na réigiúin teorann agus ar comhlánaíodh cláir eile arna maoiniú ag an Aontas leo;

- An ndearnadh na tionscadail a roghnú agus a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach éifeachtúil;

- Ar bhain an Coimisiún agus na húdaráis bhainistíochta, d'fhonn bainistiú chláir 2021-2027 a neartú, úsáid éifeachtach as sásraí faireacháin agus meastóireachta, agus as na ceachtanna a foghlaimíodh;

(4) ADMHAÍONN SÍ go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh torthaí agus moltaí na hiniúchóireachta sin cur ar bun agus cur chun feidhme na gclár atá beartaithe don tréimhse chistiúcháin 2021-2027 a threorú;

(5) MOLANN SÍ go ndéanfaí dea-chleachtas a mhalartú agus leas iomlán a bhaint as foinsí ábhartha cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus malartú faisnéise;

(6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Le cláir thrasteorann le tíortha comharsanacha arna gcistiú ag an Aontas don tréimhse 2014-2020, tugadh tacaíocht ábhartha agus luachmhar do na réigiúin ar an dá thaobh de theorainneacha seachtracha an Aontais, rud a áirithíonn cothromaíocht gheografach thairbhithe na dtionscadal;

- Sna cláir a ndearnadh measúnú orthu, sainaithníodh tosaíochtaí agus cuspóirí téamacha roghnaithe a bhí ailínithe le riachtanais na réigiún teorann a bhí rannpháirteach agus rinneadh na tionscadail a roghnú agus a chur chun feidhme go héifeachtúil, go héifeachtach agus go trédhearcach;

- Bhí na comhpháirtithe agus na geallsealbhóirí rannpháirteach go forleathan i bhforbairt agus cur chun feidhme chláir IEC um chomhar trasteorann;

- Féadfar feabhas a chur ar chomhordú oibríochtúil le cláir eile arna gcistiú ag an Aontas chomh maith le beartais, tionscnaimh agus straitéisí macrairéigiúnacha;

- Tar éis tionscadal a bheith dúnta, mí mór don chreat faireacháin a bheith níos dírithe ar thorthaí agus ní mór inbhuanaitheacht na dtorthaí a chuimsiú ann;

- Tá creat reachtach 2021-2027 ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chlárthréimhsí roimhe seo;

(7) TAGANN SÍ leis an tuairim ón gCoimisiún sna freagraí uaidh maidir leis na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Le cláir IEC um chomhar trasteorann, bhíothas in ann comhar a dhéanamh nach dtarlódh murach sin nó a mbainfeadh deacrachtaí leis ar chúiseanna polaitiúla;

- Maidir le cláir IEC um chomhar trasteorann a chomhtháthú i gcreat foriomlán Interreg laistigh den bheartas comhtháthaithe sa tréimhse 2021-2027 agus sa chreat reachtach comhfhreagrach, tá aghaidh á tabhairt ar roinnt de na heasnaimh arna sainaithint ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, amhail tús mall le cláir, laigí san fhaireachán nó rochtain neamhleor ar uirlisí tuairiscithe frithchalaoise i dtíortha nach bhfuil san Aontas;

- Is rud dearfach an nós imeachta simplithe le haghaidh na mórthionscadal bonneagair;

- Tugann Interreg deis uathúil don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive, ar bronnadh stádas tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas orthu, a bheith mar chuid dhíreach de na cláir bainistíochta comhroinnte;

- Cuirtear gníomhaíochtaí comhair uile an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis ar fionraí, lena n-áirítear ullmhú chláir comhair 2021-2027;

(8) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil sraith shonrach de dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta roimh na Ballstáit agus a réigiún atá ar theorainneacha na Rúise agus na Bealarúise, chomh maith leis na réigiúin atá ar theorainneacha na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive, mar gheall ar an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, agus MEASANN SÍ gur cheart féachaint tuilleadh ar na dúshláin sin chun gur féidir aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí;

(9) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Rannpháirtíocht SEGS agus Thoscaireachtaí an Aontais a fheabhsú in obair na gcoistí clársceidealaithe agus faireacháin maidir le Interreg NEXT;

- Ligean do chomhlachtaí frithchalaoise i dtíortha nach tíortha den Aontas iad aon neamhrialtacht a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú go díreach tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí;

- Treoir a thabhairt maidir le faireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na dtionscadal sin tar éis a ndúnta.